GX 899

**OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH**

SCRÚDUITHE AN tSAMHRAIDH 2001

DÁMHA NA NDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

**AN CHÉAD BHLIAIN**

NUA-GHAEILGE

An Dara Páipéar

Alan Titley
Séamus Mac Mathúna
Mícheál Mac Craith
Máirín Ní Dhonnchadha
Gearóid Denvir

Trí huaire an chloig a cheadófar.
Freagair **ceist amháin** as gach roinn.
Úsáid **freagarleabhar** ar leith do gach roinn.

## **Roinn A** An Ghaeilge in Éirinn

1. Déan cur síos ar staid agus ar stádas na Gaeilge sa Ghaeltacht inniu.

2. Teanga mhionlaigh í an Ghaeilge in Éirinn inniu. Pléigh impleachtaí an ráitis sin do staid na teanga i saol an lae inniu.

3. Is é an córas oideachais a d'iompair ualach pholasaí an stáit i leith na hathbheochana teanga ó aimsir bhunaithe an stáit chéanna. Pléigh an ráiteas sin.

## **Roinn B** Oidhreacht Liteartha agus Chultúrtha na Gaeilge

4. Teanga Cheilteach, IndEorpach í an Ghaeilge. Scríobh aiste ar an ráiteas seo.

5. Scríobh aiste ar an tionchar a bhí ag teacht na Críostaíochta go hÉirinn ar an traidisiún litríochta.

6. Scríobh aiste ar an laoch agus ar a b(h)eathaisnéis laochúil i litríocht mheánaoiseach na Gaeilge.

***thall =>***

## **Roinn C** An Nuafhilíocht

7. Míorúilt atá ann, ar bhealach, go maireann filíocht na Gaeilge beo i gcónaí agus níl aon amhras faoi ach gur díol suntais cuid mhaith dár scríobhadh san 20ú hAois. Scríobh aiste ar an ráiteas sin agus léirigh do fhreagra le tagairtí do shaothar filí ar leith agus do dhánta ar leith.

8. Is maith mar a fheileann an teideal *Freacnairc Mhearcair* do rogha dánta Mhichael Davitt. Beireann an teideal sin ar éalaitheacht agus ar fhreacnairceacht a chuid filíochta. Pléigh an tuairim sin.

## **Roinn D** Béaloideas

9. Mínigh cad a thuigeann tú le béaloideas agus pléigh na cúiseanna a gcuirfí ábhar traidisiúnta ar aghaidh ó ghlúin go glúin.

10. 'Friotal ealaíonta ar dhea-chomhairle atá againn sna seanfhocail.' Pléigh.

11. Tabhair cuntas ar roinnt nósanna a bhaineann leis an mbás agus pléigh an bunús atá leo.